AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.8.2024
COM(2024) 325 final

2024/0212 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Iodáil, don tSlóivéin, don Ostair, don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le sé thubaiste nádúrtha a tharla in 2023

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Cumhdaítear leis an gcinneadh seo slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CDAE' anseo feasta) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002[1] ón gComhairle (dá ngairtear 'an Rialachán CDAE' anseo feasta) le haghaidh EUR 1 028 541 689 chun cúnamh a thabhairt don Iodáil, don tSlóivéin, don Ostair, don Ghréig agus don Fhrainc de thoradh tubaistí nádúrtha (tuilte) a tharla sna tíortha sin le linn 2023.

Tá ag gabháil leis an slógadh sin Nós Imeachta um Urscaoileadh DEC Uimh. 08/2024 lena moltar EUR 796 760 300 a aistriú ón gCúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE, ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí araon. I dteannta na leithreasuithe a aistríodh ó líne chúlchiste an Chúlchiste Eorpaigh Dlúthpháirtíochta, maoineofar an slógadh sin trí úsáid a bhaint as EUR 37 073 004 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí atá inscríofa cheana i mbuiséad ginearálta an Aontais 2024 agus EUR 194 708 385 ó leithreasuithe bhuiséad ginearálta 2023 an Aontais, arna n-íoc in airleacain cheana féin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán CDAE.

2. FAISNÉIS AGUS COINNÍOLLACHA

2.1 An Iodáil – mórthubaiste: tuile i réigiún Emilia-Romagna

Idir an 1 agus an 17 Bealtaine 2023, bhí báisteach an-dian i réigiún Emilia-Romagna na hIodáile, rud a d'fhág go raibh tuilte ann.

Ina dhiaidh sin, rinne an Iodáil iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE.

(1) An 24 Iúil 2023, chuir an Iodáil iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Mheán Fómhair 2023.

(2) Rinne an Iodáil iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste mar thoradh ar thubaiste an 1 Bealtaine 2023. Tá an fhaisnéis go léir atá ag teastáil faoi Airteagal 4 den Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Is é EUR 8,5 billiún meastachán údaráis na hIodáile ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig den tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach 'mórthubaiste nádúrtha' le haghaidh an hIodáile a socraíodh ag EUR 3,8 billiún in 2023. Dá bhrí sin, cáilítear an tubaiste mar 'mhórthubaiste nádúrtha' de réir Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2012/oj) arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 189, 27.6.2014, lch. 143, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/661/oj) agus le Rialachán (AE) Uimh. 461/2020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 (IO L 99, 31.3.2020, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/461/oj).

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) D'iarr an Iodáil go n-íocfaí airleacan ar an ranníocaíocht a raibh coinne aici léi de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, bronnadh airleacan EUR 94 708 385 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 7823 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2023. Íocadh an t-airleacan leis an Iodáil an 29 Samhain 2023.

(7) Idir an 1 agus an 17 Bealtaine 2023, bhí báisteach an-dian i réigiún Emilia-Romagna na hIodáile, rud a d'fhág go raibh tuilte ann. Bhí tionchar ag an imeacht ar sheacht gcúige in limistéar lár-oirthear an Réigiúin, agus taifeadadh báisteach an-dian agus doimhneachtaí carntha móra go háirithe sna ceantair chnocacha agus shléibhtiúla. Bhí an bháisteach charnach iomlán a taifeadadh le linn an imeachta ar fad idir 200 agus 500 mm. Bhí iarmhairtí na dtuilte dá héis dian. Anuas ar na caillteanais eacnamaíocha fhairsinge mar gheall ar scriosadh bonneagar agus damáistí do shócmhainní poiblí agus príobháideacha araon, cailleadh 14 dhuine. Bhí an riocht meitéareolaíochta foircneach ina chúis le breis is 1500 sciorradh talún, rud a rinne damáiste mór do bhóithre agus d'fhoirgnimh, do bhonneagar líonra agus do chúrsaí uisce.

(8) D'iarr údaráis na hIodáile cúnamh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. D'iarr an Iodáil ceithre mhodúl Caidéalaithe Ardchumais. Tar éis ghníomhachtú Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, thug an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Fhrainc agus an Bheilg tacaíocht sna limistéir faoi thuilte. Rinneadh Córais Éigeandála Mearmhapála agus Riosca & Téarnaimh Copernicus agus an córas náisiúnta ASI-COSMO-Skymed a ghníomhachtú chun na limistéir a ndearnadh difear dóibh a shainaithint.

(9) Ba é EUR 681,8 milliún meastachán na hIodáile ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí na costais i láthair agus iad miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó de chostas oibríochtaí éigeandála le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 293,7 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó de chostais le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte agus an oideachais, ar fiú EUR 220,5 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas leis an limistéar ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 85,7 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 82,0 milliún é sin.

(10) Thrasuigh an Iodáil Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú rioscaí tuilte ('Treoir 2007/60/CE')[2] trí Fhoraithne Reachtach an 23 Feabhra 2010, uimh. 49. Luaitear i bhForaithne Reachtach Uimh. 49/2010 gur gá glacadh le léarscáileanna guaise tuilte agus léarscáileanna riosca tuilte maidir le limistéir a aithnítear de réir an phíosa reachtaíochta chéanna.

[2] IO L 288, 6.11.2007, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/60/oj.

(11) Ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Iodáil faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

(12) Níor luaigh údaráis na hIodáile aon chumhdach árachais le haghaidh an chostais incháilithe.

2.2 An tSlóivéin – mórthubaiste: tuile

Idir an 3 agus an 6 Lúnasa 2023, bhí tionchar ag báisteach throm ar an tSlóivéin, rud a d'fhág go raibh tuilte ar fud na tíre.

Ina dhiaidh sin, rinne an tSlóivéin iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE.

(1) An 20 Deireadh Fómhair 2023, chuir an tSlóivéin iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023.

(2) Rinne an tSlóivéin iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste mar thoradh ar thubaiste an 4 Lúnasa 2023. Tá an fhaisnéis go léir atá ag teastáil faoi Airteagal 4 den Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Is é EUR 10,0 billiún meastachán údaráis na Slóivéine ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a tháinig den tubaiste. Ghlac an Coimisiún le EUR 7,3 billiún mar dhamáiste díreach iomlán sochreidte. Is mó an méid sin ná an tairseach 'mórthubaiste nádúrtha' le haghaidh na Slóivéine arb é atá ann 0,6 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN), arbh fhiú EUR 308,8 milliún in 2023. Dá bhrí sin, cáilítear an tubaiste mar 'mhórthubaiste nádúrtha' de réir Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) D'iarr an tSlóivéin go n-íocfaí airleacan ar an ranníocaíocht a raibh coinne aici léi de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, bronnadh airleacan EUR 100 milliún le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 8168 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023. Íocadh an t-airleacan leis an tSlóivéin an 11 Nollaig 2023.

(7) Idir an 3 agus an 6 Lúnasa 2023, bhí córas láidir lagbhrú ina chúis le báisteach fhairsing. Bhí báisteach throm agus duartain fholcmhara ina gcúis le tuilte, sciorrthaí talún, agus sciorrthaí láibe ar scála mór. Tomhaiseadh an chuid is mó den fhrasaíocht sa leath thuaidh den tSlóivéin le suas le 150-200 mm báistí. Bhí an tuile eisceachtúil sa mhéid is go raibh baint aici leis na trí abhainn is mó sa tSlóivéin. Scrios na huiscí arda bóithre, droichid, bonneagar soláthair uisce, séarachas, leictreachas, go leor tithe agus limistéir uirbeacha agus talamh talmhaíochta.

(8) D'iarr údaráis na Slóivéine cúnamh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, tríd an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha agus trí ECAT tríd an Lárionad Comhordúcháin Eora-Atlantach um Fhreagairt do Thubaistí. Chuir 12 Bhallstát de chuid an Aontais agus roinnt tríú tíortha cúnamh ar fáil.

(9) Ba é EUR 6 786,0 milliún meastachán na Slóivéine ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí i láthair é agus é miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó de na costais le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte agus an oideachais, ar fiú EUR 5 089,0 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó de chostas na n-oibríochtaí éigeandála le glanadh an limistéir ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 853,2 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 816,2 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 27,2 milliún é sin.

(10) Thrasuigh an tSlóivéin Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí Acht Uisce na Slóivéine in 2008 (Airteagal 1(4)(4)).

(11) Ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an tSlóivéin faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

(12) Thug údaráis na Slóivéine le fios go meastar go bhféadfaí suas le 4,7 % den damáiste measta a aisghabháil le hárachas.

2.3 An Ostair - tubaiste i dtír chomharsanachta: tuile

Idir an 3 agus an 6 Lúnasa 2023, bhí tionchar ag báisteach throm ar an Ostair, rud a d'fhág go raibh tuilte ar fud réigiúin na hOstaire.

Ina dhiaidh sin, rinne an Ostair iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE.

(1) An 19 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ostair iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023.

(2) Rinne an Ostair iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a rinne an tubaiste an 3 Lúnasa 2023. Tá an fhaisnéis go léir atá ag teastáil faoi Airteagal 4 den Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Chuir údaráis na hOstaire an t-iarratas isteach faoin gcritéar tubaiste 'i dtír chomharsanachta' mar a leagtar síos in Airteagal 2(4) de Rialachán CDAE, ina sonraítear go bhféadfar cúnamh ó CDAE a shlógadh freisin le haghaidh aon tubaiste nádúrtha i Stát incháilithe ar mórthubaiste nádúrtha é freisin i Stát incháilithe comharsanachta. Is é EUR 208,0 milliún meastachán na hOstaire ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a tháinig den tubaiste. Ós rud é go gcáilíonn an tubaiste nádúrtha lena mbaineann mar 'mhórthubaiste nádúrtha' sa tSlóivéin, ar Stát incháilithe comharsanachta é, tá an t-iarratas ón Ostair incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CDAE de bhun Airteagal 2(4) de Rialachán CDAE.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) Níor iarr an Ostair go n-íocfaí airleacan de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE.

(7) Idir an 3 agus an 6 Lúnasa 2023, rinne báisteach throm damáiste mór do bhonneagair phoiblí agus phríobháideacha i ndeisceart na hOstaire, go háirithe in Carinthia Íochtarach agus in Styria. Chuir an bháisteach tuilte i bhfoirgnimh, siléir, garáistí, foraoisí, páirceanna agus spreag sí os cionn 900 sreabhadh láibe agus sciorradh talún. Bhí tionchar ag damáistí stoirme ar níos mó ná 120 pobal, lena n-áiríodh éaradh cumhachta leithlisithe mar gheall ar ardleibhéal screamhuisce. Tuairiscíodh damáistí breise i stáit chónaidhme chomharsanachta amhail Salzburg agus Burgenland.

(8) Níor iarr an Ostair cúnamh tríd an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha Eorpach.

(9) Ba é EUR 76,5 milliún meastachán na hOstaire ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) den Rialachán agus chuir sí i láthair é agus é miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó den chostas le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce agus an iompair, ar fiú EUR 65,6 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó de chostas na n-oibríochtaí éigeandála leis an mbonneagar coisctheach a dhaingniú, ar fiú EUR 9,7 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 0,8 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas leis an limistéar ar bhuail an tubaiste é a ghlanadh suas, ar fiú EUR 0,4 milliún é sin.

(10) Rinneadh Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuí i ndlí na hOstaire le leasú 2011 ar an Acht um Dhlí Uisce (Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire uimh. 14/2011).

(11) Ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Ostair faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

(12) Níor luaigh údaráis na hOstaire aon chumhdach árachais le haghaidh an chostais incháilithe.

2.4 An Ghréig – mórthubaiste: cioclón

Idir an 4 agus an 11 Meán Fómhair 2023, d'imir stoirm na Meánmhara 'Daniel' tionchar ar an nGréig, stoirm ba chúis le báisteach throm agus as ar eascair tuilte in áiteanna éagsúla i lár na Gréige, go háirithe i réigiún na Teasáile.

Ina dhiaidh sin, rinne an Ghréig iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE.

(1) An 20 Samhain 2023, chuir an Ghréig iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Mheán Fómhair 2023.

(2) Rinne an Ghréig iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a rinne an tubaiste an 4 Meán Fómhair 2023. Tá an fhaisnéis go léir atá ag teastáil faoi Airteagal 4 den Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) Is é EUR 2,3 billiún meastachán údaráis na Gréige ar an damáiste díreach iomlán a chruthaigh an tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach 'mórthubaiste nádúrtha' don Ghréig arb é atá ann 0,6 % dá hOllioncam Náisiúnta (OIN), arbh fhiú EUR 1,1 billiún in 2023. Dá bhrí sin, cáilítear an tubaiste mar 'mhórthubaiste nádúrtha' de réir Airteagal 2(2) de Rialachán CDAE.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) D'iarr an Ghréig go n-íocfaí airleacan ar an ranníocaíocht a raibh súil aici léi de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, bronnadh airleacan EUR 25 382 237 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 505 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2024. Íocadh an t-airleacan leis an nGréig an 8 Feabhra 2024.

(7) Idir an 4 agus an 11 Meán Fómhair 2023, tharla teagmhas dian fairsing meitéareolaíoch-hidreolaíoch a raibh báisteach ard leanúnach mar shaintréith aige, rud a d'fhág go raibh tuilte tubaisteacha ann in iliomad suíomhanna i lár na Gréige, go háirithe i réigiún na Teasáile. Bhí an bháisteach charnach iomlán a taifeadadh le linn an imeachta ar fad idir 400 agus 1000 mm sna réigiúin a buaileadh. Le linn an imeachta, fuair an chuid is mó den réigiún méid frasaíochta a bhí inchomparáide leis an meánbháisteach iomlán bhliantúil. Bhí an bháisteach throm ina cúis le tuilte móra i lár na Gréige, rud a d'fhág go raibh réigiúin fhairsinge báite. Rinne na tuilte scrios ollmhór ar bhonneagar, ag iompú sráideanna ina n-aibhneacha, ag scriosadh foirgneamh agus droichead, agus ag fágáil sráidbhailte iomlána faoi uisce. Anuas ar na caillteanais eacnamaíocha fhairsinge mar gheall ar scriosadh bonneagar agus damáistí do shócmhainní poiblí agus príobháideacha araon, cailleadh 17 dhuine.

(8) Níor iarr údaráis na Gréige cúnamh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

(9) Ba é EUR 1 941,0 milliún meastachán na Gréige ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí i láthair é agus é miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó de na costais le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte agus an oideachais, ar fiú EUR 1 657,0 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó de chostas na n-oibríochtaí éigeandála le glanadh an limistéir ar bhuail an tubaiste é,ar fiú EUR 230,6 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 42,8 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 11,4 milliún é sin.

(10) Rinne an Ghréig Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuí tríd an gCinneadh Comhpháirteach Aireachta KYA 31822/1542/E130/2010 (ΦΕΚ Β΄ 1108/21.07.2010) sa chóras dlí inmheánach.

(11) Ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, bhí an Ghréig faoi réir dhá imeacht um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste. INFR(2021)2254 i ndáil leis an nuashonrú ar léarscáileanna riosca tuilte agus léarscáileanna guaise tuilte mar a cheanglaítear le Treoir 2007/60/CE, dúnadh é an 24 Aibreán 2024. Tarchuireadh INFR(2022) 2191) an 13 Márta 2024 chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh toisc nár cuireadh bailchríoch ar an athbhreithniú ar phleananna bainistithe abhantrach na Gréige mar a cheanglaítear faoin Treoir Réime maidir le hUisce (Treoir 2000/60/CE) ná ar phleananna bainistithe riosca i gcás tuilte mar a cheanglaítear faoin Treoir maidir le Tuilte (Treoir 2007/60/CE).

(12) Níor luaigh údaráis na Gréige aon chumhdach árachais le haghaidh an chostais incháilithe.

2.5 An Iodáil - tubaiste réigiúnach: tuilte i Réigiún na Tuscáine

Idir an 25 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain 2023, bhí báisteach an-dian i réigiún na Tuscáine san Iodáil, rud a d'fhág go raibh tulcaí ann.

Ina dhiaidh sin, rinne an Iodáil iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE.

(1) An 19 Eanáir 2024, chuir an Iodáil iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023 i réigiún an Tuscáine.

(2) Rinne an Iodáil iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste mar thoradh ar thubaiste an 29 Deireadh Fómhair 2023. Tá an fhaisnéis go léir atá ag teastáil faoi Airteagal 4 den Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) San iarratas, léiríodh an tubaiste mar 'thubaiste nádúrtha réigiúnach' mar a leagtar síos in Airteagal 2(3) de Rialachán CDAE, is é sin aon tubaiste nádúrtha i réigiún ar leibhéal 2 NUTS de Stát incháilithe as a n-eascraíonn damáiste díreach atá os cionn 1,5 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an réigiúin sin. Is é EUR 2,7 billiún meastachán údaráis na hIodáile ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig den tubaiste. 2,4 % de OTI réigiún na Tuscáine atá sa mhéid sin, agus sáraíonn sé an tairseach is infheidhme maidir le 'tubaiste réigiúnach', is é sin EUR 1,7 billiún i gcás réigiún na Tuscáine in 2024.

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

(6) Níor iarr an Iodáil go n-íocfaí airleacan de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE.

(7) Idir an 25 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain 2023, bhí tionchar ag méid foircneach báistí ar réigiún na Tuscáine san Iodáil laistigh de thréimhse réasúnta gearr, go háirithe i gcúigí Prato, Fhlórans, Pisa, Pistoia, agus Livorno. Bhí an bháisteach agus an ghaoth láidir a ghabh léi ina gcúis le tulcaí agus sciorrthaí talún. Bhí iarmhairtí na dtuilte dá héis dian. Rinne an teagmhas damáiste suntasach don gheilleagar, mharaigh sé seachtar agus chuir sé iallach ar na mílte a dtithe a fhágáil.

(8) Níor iarr údaráis na hIodáile cúnamh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Mar sin féin, choinnigh Roinn Cosanta Sibhialta na hIodáile Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar an eolas maidir le dul chun cinn gníomhaíochtaí bainistithe na tubaiste.

(9) Ba é EUR 175,6 milliún meastachán na hIodáile ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí i láthair é agus é miondealaithe de réir chineál na n-oibríochta. Baineann an sciar is mó de chostais na n-oibríochtaí éigeandála le hathchóiriú ord oibre bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte

agus an oideachais, ar fiú EUR 74,3 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 49,0 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 26,4 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas leis an limistéar ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 26,0 milliún é sin.

(10) Rinne an Iodáil Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuí trí Fhoraithne Reachtach an 23 Feabhra 2010, Uimh. 49 maidir le cur chun feidhme Threoir 2007/60/CE i dtaca le measúnú agus bainistiú riosca tuilte. Luaitear i bhForaithne Reachtach Uimh. 49/2010 gur gá glacadh le léarscáileanna guaise tuilte agus léarscáileanna riosca tuilte maidir le limistéir a aithnítear de réir an phíosa reachtaíochta chéanna.

(11) Ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Iodáil faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

(12) Níor luaigh údaráis na hIodáile aon chumhdach árachais le haghaidh an chostais incháilithe.

2.6 An Fhrainc - tubaiste réigiúnach: tuile

Idir an 2 agus an 9 Samhain 2023, bhí tionchar ag báisteach throm ar iar-réigiún Nord-Pas-de-Calais laistigh de réigiún Hauts-de-France sa Fhrainc, rud ba chúis le tuilte.

Ina dhiaidh sin, rinne an Fhrainc iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE.

(1) An 24 Eanáir 2024, chuir an Fhrainc iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí na Samhna 2023.

(2) Rinne an Fhrainc iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE laistigh den sprioc-am, is é sin 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste mar thoradh ar thubaiste an 2 Samhain 2023. Tá an fhaisnéis go léir atá ag teastáil faoi Airteagal 4 den Rialachán CDAE san iarratas.

(3) Is de bhunús nádúrtha an tubaiste, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme CDAE.

(4) San iarratas, léiríodh an tubaiste mar ‘thubaiste nádúrtha réigiúnach’ mar a leagtar síos in Airteagal 2(3) de Rialachán CDAE, is é sin aon tubaiste nádúrtha i réigiún ar leibhéal 2 NUTS de Stát incháilithe as a n-eascraíonn damáiste díreach atá os cionn 1,5 % d’olltáirgeacht intíre (OTI) an réigiúin sin. Is é EUR 1,9 billiún meastachán údaráis na Fraince ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a tháinig den tubaiste. 1,64 % de OTI réigiún iar-réigiún Nord-Pas-de-Calais[3] atá sa mhéid sin, agus sáraíonn sé an tairseach is infheidhme maidir le ‘tubaiste réigiúnach’, is é sin EUR 1,8 billiún i gcás iar-réigiún Nord-Pas-de-Calais in 2024[4].

(5) Is é costas an damáiste dhírigh iomláin a rinneadh an bonn le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE a ríomh. Ní féidir an ranníocaíocht airgeadais a úsáid ach le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh fíor-riachtanacha mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán CDAE.

---

[3] Is réigiún NUTS leibhéal 2 é Nord-Pas de Calais a chomhfhreagraíonn do cheann den dá iar-réigiún (réigiúin Nord-Pas de Calais agus Picardie) a cumascadh isteach i réigiún Hauts-de-France in 2016.

[4] Cuireadh an t-iarratas isteach in 2024, dá bhrí sin, is é tairseach 2024 an tairseach is infheidhme

(6) D’iarr an Fhrainc go n-íocfaí airleacan ar an ranníocaíocht a raibh coinne aici léi de bhun Airteagal 4a de Rialachán CDAE. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha le go n-íocfaí airleacan ó CDAE. Dá bhrí sin, bronnadh airleacan EUR 11 690 767 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 3873 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2024. Íocadh an t-airleacan leis an bhFrainc an 14 Meitheamh 2024.

(7) Idir an 2 agus an 9 Samhain 2023, bhuail báisteach throm iar-réigiún Nord-Pas-de-Calais laistigh de réigiún Hauts-de-France sa Fhrainc, báisteach lenar bhain 271 mm i roinnt limistéar. Mar thoradh ar na himthosca sin tháinig méadú tapa ar leibhéil na n-aibhneacha laistigh de thréimhse ghearr ama agus forsceitheadh aibhneacha móra. Bhí iarmhairtí tromchúiseacha ag an imeacht, rud a d’fhág go raibh go leor sciorrthaí láibe ann agus dúnadh bóithre ina dhiaidh sin. Rinne an teagmhas damáiste suntasach don gheilleagar agus chuir sé iallach ar na mílte a dtithe a fhágáil.

(8) Níor iarr údaráis na Fraince cúnamh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Thairg an Ísiltír cúnamh.

(9) Ba é EUR 160,2 milliún meastachán na Fraince ar chostas na n-oibríochtaí is incháilithe faoi Airteagal 3(2) de Rialachán CDAE agus chuir sí i láthair é agus é miondealaithe de réir chineál na n-oibríochtaí. Baineann an sciar is mó de chostais na n-oibríochtaí éigeandála le hathchóiriú feidhmiúlachta bonneagair agus gléasraí i réimsí an fhuinnimh, an uisce, an fhuíolluisce, na teileachumarsáide, an iompair, na sláinte agus an oideachais, ar fiú EUR 120,1 milliún é sin. Baineann an dara sciar is mó den chostas leis an limistéar ar bhuail an tubaiste é, ar fiú EUR 19,3 milliún é sin. Baineann an tríú sciar is mó den chostas le bonneagar coisctheach agus bearta um chosaint maidir le hoidhreacht chultúrtha a dhaingniú, ar fiú EUR 10,8 milliún é sin. Baineann an ceathrú sciar is mó den chostas le cóiríocht shealadach agus le seirbhísí tarrthála, ar fiú EUR 10,0 milliún é sin.

(10) Rinne an Fhrainc Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuí trí Fhoraithne Reachtach 2011-227 an 2 Márta 2011, maidir le cur chun feidhme Threoir 2007/60/CE i dtaca le measúnú agus bainistiú riosca tuilte.

(11) Ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas, ní raibh an Fhrainc faoi réir imeachtaí um shárú maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cineál na tubaiste.

(12) Níor luaigh údaráis na Fraince aon chumhdach árachais le haghaidh an chostais incháilithe.

2.7 Conclúid

I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach thuas agus tar éis measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tíolacadh, measann an Coimisiún go gcomhlíonann na tubaistí dá dtagraítear sna hiarratais a chuir an Iodáil, an tSlóivéin, an Ostair, an Ghréig agus Fhrainc isteach na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán maidir le CDAE a shlógadh.

3. MAOINIÚ

Le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021-2027[5] (‘Rialachán

[5] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

CAI' anseo feasta), déantar foráil maidir le CDAE a shlógadh i gcomhthéacs an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála. Le pointe 10 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais[6] (IIA), chomh maith le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, leagtar síos na módúlachtaí le haghaidh shlógadh CDAE i gcomhthéacs an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála.

Ós rud é gurbh í an dlúthpháirtíocht, den chuid is mó, ba bhonn dlisteanachta le bunú CDAE, is dóigh leis an gCoimisiún gur cheart an chabhair a bheith ina cabhair fhorásach. Dá bhrí sin, ba cheart déine cabhrach níos airde ná an cion den damáiste atá faoi bhun na tairsí a bheith ann mar thoradh ar an gcion den damáiste atá níos mó ná tairseach '**na mórthubaiste nádúrtha**' chun CDAE a shlógadh (i.e. 0,6 % de OIN nó EUR 3 bhilliún i bpraghasanna 2011, cibé acu is lú, cf. Airteagal 2(2) Rialachán

CDAE). Ciallaíonn sé sin go ríomhtar méid na cabhrach do thír atá buailte ag tubaiste a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh 'mórthubaiste nádúrtha' trí dhá mhéid a shuimiú: 2,5 % den damáiste díreach iomlán faoin tairseach agus 6 % don chuid den damáiste díreach iomlán os cionn na tairsí.

Is é 2,5 % den damáiste díreach iomlán an ráta a úsáidtear chun na méideanna cabhrach a shainiú le haghaidh **'tubaistí nádúrtha réigiúnacha'**, ráta atá faoi bhun na tairsí náisiúnta i gcónaí. Ina theannta sin, de réir Airteagal 2(4) de Rialachán CDAE, féadfar cúnamh ó CDAE a shlógadh freisin le haghaidh aon tubaiste nádúrtha i Stát incháilithe ar mórthubaiste nádúrtha é freisin i Stát incháilithe comharsanachta. Agus iarratas á dhéanamh ar chúnamh CDAE bunaithe ar an gcritéar tubaiste 'i dtír chomharsanachta', níl aon tairseach ann don damáiste díreach iomlán a ndéantar. Is ionann an ráta a úsáidtear chun méid cabhrach a shainiú le haghaidh tubaiste faoi chritéar tubaiste 'i dtír chomharsanachta' agus an ráta a úsáidtear i gcás 'tubaiste réigiúnach', i.e. 2,5 % den damáiste díreach iomlán. Ní fhéadfaidh an ranníocaíocht a bheith níos mó ná costas iomlán measta na n-oibríochtaí incháilithe.

[6] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

Leagadh amach an mhodheolaíocht chun an chabhair a ríomh i dTuarascáil Bhliantúil CDAE 2002-2003, agus ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa léi. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don údarás buiséadach na méideanna seo a leanas a shlógadh le haghaidh na 6 fheidhm go léir:

Le Rialachán 2024/765[7] ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027, roinntear an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála in dhá ionstraim ar leith: an Cúlchiste Eorpach Dhlúthpháirtíochta agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála. An Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta le méid bliantúil EUR 1 016 milliún (i bpraghsanna 2018, rud a chomhfhreagraíonn do EUR 1 144,2 milliún i bpraghsanna 2024) le haghaidh cúnamh chun freagairt do chásanna éigeandála a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE).

Chun ídiú luath an leithdháilte bhliantúil a sheachaint, sonraítear in Airteagal 3(7) de Rialachán CDAE agus in Airteagal 9(2), an dara fomhír, de Rialachán CAI leasaithe go mbeidh 25 % de leithdháileadh bliantúil CDAE (i.e. EUR 286 mhilliún le haghaidh 2024) fós ar fáil an 1 Deireadh Fómhair gach bliain.

Faoi dheoidh, i gcomhréir le hAirteagal 4a(4) de Rialachán CDAE, cuireadh EUR 50 000 000 isteach i mbuiséad ginearálta 2024 an Aontais (i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) cheana chun airleacain a d'fhéadfadh a bheith ann

Tubaiste	**Damáiste díreach iomlán (EUR)**	**Tairseach tubaiste (EUR)**	**2,5 % den damáiste díreach iomlán (EUR)**	**2,5 % den damáiste díreach iomlán suas le tairseach na mórthubaistí (EUR)**	**6 % de dhamáiste díreach atá os cionn thairseach na mórthubaistí (EUR)**	**An méid cabhrach CDAE atá beartaithe (EUR)**	**Réamhíocaíocht (EUR)**	**An t-iarmhéid atá le híoc (EUR)**
		réigiúnach / mór	*tubaiste réigiúnach*	*ríomh cabhrach le haghaidh mórthubaiste*				
An Iodáil (Emilia-Romagna) – tuile (*mórthubaiste*)	**8 533 315 251**	**3 804 725 000**	**N/bh**	**95 118 125**	**283 715 415**	**378 833 540**	**94 708 385**	**284 125 155**
An tSlóivéin – tuile *(mórthubaiste)*	**7 320 232816**	**308 826 000**	**N/bh**	**7 720 650**	**420 684 409**	**428 405 059**	**100 000 000**	**328 405 059**
An Ostair – tuile *(tír chomharsanachta)*	**207 969 814**	**N/bh**	**5 199 245**	**N/bh**	**N/bh**	**5 199 245**	**N/bh**	**5 199 245**
An Ghréig – tuile *(mórthubaiste)*	**2 325 232 656**	**1 085 286 000**	**N/bh**	**27 132 150**	**74 396 799**	**101 528 949**	**25 382 237**	**76 146 712**
An Iodáil (an Tuscáin) – tuile *(tubaiste réigiúnach)*	**2 712 473 053**	**1 719 230 000**	**67 811 826**	**N/bh**	**N/bh**	**67 811 826**	**N/bh**	**67 811 826**
An Fhrainc – tuile *(tubaiste réigiúnach)*	~~**1 870 522 773**~~	~~**1 839 110 000**~~	**46 763 069**	**N/bh**	**N/bh**	**46 763 069**	**11 690 767**	**35 072 302**
					IOMLÁN	**1 028 541 689**	**231 781 389**	**796 760 300**

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

amach anseo a íoc.

Dá bhrí sin, is é EUR 808 135 764 an t-uasmhéid is féidir le CDAE a úsáid ó leithdháileadh Chúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta 2024 ag an gcéim seo, rud a fhágann gur féidir riachtanais íocaíochta an tslógtha sin a chumhdach.

An méid atá ar fáil faoi CDAE in 2024:	
Leithdháileadh bliantúil iomlán CDAE 2024	1 144 181 018
Tráinse ar fáil tar éis an 1 Deireadh Fómhair (-)	286 045 254
Creidmheasanna arna gcur i leataobh le haghaidh réamhíocaíochtaí (-)	50 000 000
An méid atá ar fáil roimh an 1 Deireadh Fómhair	808 135 764
An méid atá le húsáid don slógadh seo	796 760 300

Chun críoch faisnéise, in 2024, as an EUR 50 000 000 atá inscríofa cheana féin i mbuiséad ginearálta 2024 an Aontais le haghaidh réamhíocaíochtaí, d'íoc an Coimisiún airleacan EUR 25 382 237 leis an nGréig cheana féin maidir le tuilte ó chioclón 'Daniel' agus airleacan EUR 11 690 767 leis an bhFrainc maidir leis na tuilte in iar-réigiún Nord-Pas-de-Calais. Dá réir sin, is é EUR 12 926 996 an méid atá fágtha le haghaidh airleacan.

2024/0212 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Iodáil, don tSlóivéin, don Ostair, don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le sé thubaiste nádúrtha a tharla in 2023

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[8] agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Rialachán 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[9] agus go háirithe Airteagal 9 de.

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar i ndáil le hábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais[10] (IIA) agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, agus go háirithe pointe 10 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (‘an Ciste’) a chur ar a chumas don Aontas freagairt ar bhealach tapa éifeachtúil solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún a bhuailtear le tubaistí nádúrtha móra nó réigiúnacha nó ag mór-éigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh níos mó ná na huasteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle, a bheith sa Chiste[11].

(3) An 24 Iúil 2023, chuir an Iodáil iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis na dtuilte in Emilia-Romagna i mí na Bealtaine 2023.

(4) An 20 Deireadh Fómhair 2023, chuir an tSlóivéin iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023.

(5) An 19 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ostair iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023.

---

8 IO L 311, 14.11.2002, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2012/oj.

9 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

10 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

11 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

(6) An 20 Samhain 2023, chuir an Ghréig iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na dtuilte i mí Mheán Fómhair 2023.

(7) An 19 Eanáir 2024, chuir an Iodáil iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na dtuilte sa Tuscáin i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023.

(8) An 24 Eanáir 2024, chuir an Fhrainc iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na dtuilte i mí na Samhna 2023.

(9) Tá na hiarratais thuasluaite i gcomhréir leis na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Iodáil, don tSlóivéin, don Ostair, don Ghréig agus don Fhrainc.

(11) Chun giorrú a oiread agus is féidir ar an am a thógfaidh sé an Ciste a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i ndáil le tubaistí nádúrtha a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) soláthrófar EUR 378 833 540 don Iodáil i ndáil leis na tuilte i Réigiún Emilia-Romagna i mí Mheán Fómhair 2023;

(b) soláthrófar EUR 428 405 059 don tSlóivéin i ndáil leis na tuilte i mí Lúnasa 2023;

(c) soláthrófar EUR 5 199 245 don Ostair i ndáil leis na tuilte i mí Lúnasa 2023;

(d) soláthrófar EUR 101 528 949 don Ghréig i ndáil leis na tuilte i mí Mheán Fómhair 2023;

(e) soláthrófar EUR 67 811 826 don Iodáil i ndáil leis na tuilte i Réigiún na Tuscáine i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023;

(f) soláthrófar EUR 46 763 069 don Fhrainc i ndáil leis na tuilte in iar-réigiún Nord-Pas-de-Calais i mí na Samhna 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa *Thar ceann na Comhairle*

[*] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san Iris Oifigiúil é.